Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020

An Chéadaoin: Lá na Seantuismitheoirí: Maireachtáil go Sítheach leis an Uile Ghlúin

29 Eanáir 2020

Eochairfhocail:

Idirghlúine, Dlúthpháirtíocht, Meas, Tacaíocht, Muinín, Tuismitheoirí, Seantuismitheoirí, Grá, Teaghlach, Cómhalartacht, Creideamh, Foghlaim, Eiseamláirí, Cairdeas

Breathnaigh ar an bhfíseán seo maidir le turgnamh ar leithligh. Tá léargas ann ar mhic léinn a bheith ag maireachtáil saor in aisce in áras na ndaoine aosta, agus ina chúiteamh sin caitheann siad tríocha uair a chloig in aghaidh na míosa ag déanamh muintearais le pobal an árais.
London's News Reports/BBC - Students in a retirement-home in The Netherlands (5:47nóim) https://www.youtube.com/watch?v=C5ToCi3owMQ

Pléigh:
Cad iad na buntáistí a bhíonn ag na mic léinn a chónaíonn anseo?
Cad iad na buntáistí a bhíonn ag na daoine aosta?
Luann an láithreoir an focal 'reciprocity'. Cad is brí leis?
Cad a bheadh le foghlaim ag na mic léinn ó bheith ag plé leis na daoine aosta?

Cliceáil anseo le breathnú ar fhíseán ina gcuireann seantuismitheoirí síos ar na garpháistí iontacha speisialta atá acu (4:39): https://vimeo.com/242641382

Smaoinigh, Péireáil, Roinn:

Smaoinigh: Smaoinigh ar rud amháin ón bhfíseán a chuaigh i bhfeidhm ort.

Péireáil: Roinn an smaoineamh sin le duine eile, agus an fáth gur roghnaíodh é. Lig don duine eile déanamh amhlaidh.

Roinn: Pioc páirtí eile agus déan an rud céanna. Ag an deireadh, déanann an rang plé.

Plé: Pléigh leis an rang an t-ionchur a bheadh ag daoine aosta i saol na ndaoine óga. Cén tábhacht atá ann, aithne a chur ar ghlúine eile agus a bheith muinteartha leo?

Tráth Uimhearthachta: Léigh 2 Tiomóid 1:5.
Cé hiad an bheirt bhan a luaitear anseo? Scríobh an véarsa i do chóipleabhar.
Ba é Naomh Pól an misinéir ba thábhachtaí sa luath-Eaglais. Thug sé an soiscéal leis i bhfad ó bhaile in Iosrael. Ba é Tiomóid duine de na cuiditheoirí ab ansa leis.
Cad é go díreach atá á rá ag Pól maidir leis an mbeirt bhan a luaitear thuas?

Obair Bhreise: Faigh amach faoi Phól agus Tiomóid agus an taisteal a rinneadar lena chéile. Beirt ó ghlúine éagsúla a bhí iontu, ach d'oibrigh siad go maith lena chéile.

Plé: An mbíonn tionchar níos mó ar an aos óg i gcúrsaí creidimh ag daoine dá gcomhaois, nó ag daoine níos sine?

'Is fearr an tsochaí ina dtugtar aire d'aostaigh. An mbítear ag faire amach dóibh? An dtugaimid aitheantas dóibh? Déanfaidh an tsochaí dul chun cinn má bhíonn meas inti ar eagnaíocht na n-aostach.'

An Pápa Proinsias, *Amoris Laetitia*, 191

Tráth Uimhearthachta: Sa tábla thíos, scríobh cúig bhealach ina léirítear meas ar dhaoine aosta sa tsochaí seo, agus scríobh cúig rud a léiríonn nach bhfuil meas ag an tsochaí orthu.

Urnaí do na Seantuismitheoirí
Baineann a chuid dualgas agus a chuid aoibhnis féin le gach tráth dár saol. Seans go mbaintear an iomarca úsáide, nó gan go leor úsáide as seantuismitheoirí an lae inniu. Bíonn ualach rómhór orthu, nó déantar dearmad díobh. Cabhraigh liom an tuiscint a bheith agam maidir leis na dualgais atá orm, agus conas is fearr iad a chomhlíonadh. Tabhair aire do mo chlann, agus do chlann mo chlainne. Spreag iad le maireachtáil ar bhealach Críostaí, ar nós Íosa. Tabhair aire ghrámhar dúinn. Ná lig dúinn imeacht uait. Deonaigh go mbeidh solas na bhflaitheas romhainn ag deireadh ré. Amen.

Prayers for All Occasions, Catholic Book Publishing Company, New York

Machnamh: Cad is brí leis na focail 'an iomarca úsáide, nó gan go leor úsáide' sa phaidir? Conas is féidir le tuismitheoirí, cumann sítheach a bheith acu leis na seantuismitheoirí?

Gníomhaíocht:
Conas a léireofá go bhfuil meas agat ar dhuine aosta?
D'fhéadfá litir a scríobh agus a chur sa phost chuig na seantuismitheoirí nó chuig ball teaghlaigh aosta, chuig comharsa nó múinteoir le buíochas agus meas a léiriú orthu.